Bus Éireann

2004

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN 2004

PRN. No. 0152

Clár

Achoimre ar Athbhreithniú Oibríochtaí	3
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	5
Tuarascáil na Stiúrthóirí	6
Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	8
Tuarascáil na nIniúchóirí	9
Príomh-Bheartais Chuntasaíochta	11
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	13
Clár Comhardaithe	14
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	15
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	16
Athbhreithniú Oibríochtaí	24

NDP PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Ba mhaith le Bus Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ar mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha náisiúnta 2000-2006 chomh maith le haitheantas a thabhairt do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

Ghriangraf an Príomhchlúdaigh: Busáras, Baile Átha Cliath

Grianghrafadóir: Neil Warner **Dearadh**: First Impression

Achoimre ar Athbhreithniú Oibríochtaí

Ba bhliain an-rathúil a bhí i 2004 do Bhus Éireann. D'fheabhsaigh seasamh airgeadais na cuideachta don dara bliain i ndiaidh a chéile i 2004, ó bharrachas de €1.5 milliún in 2003 go dtí barrachas de €5.7 milliún anuraidh.

Bhain Bus Éireann an fheidhmíocht airgeadais sin amach i mbliain inar tugadh isteach seirbhísí nua agus amanna breise fágála isteach, le forbairt leanúnach ar an ngréasán lánpháirtithe náisiúnta.

Chomh maith leis sin, baineadh an toradh láidir airgeadais sin amach tar éis dhá mhí dhéag d'infheistíocht shuntasach in uasghráduithe breise ar fhlít na cuideachta, chun cóistí agus busanna sábháilte, nua-aimseartha agus compordach a sholáthar dár bpaisinéirí, chomh maith le hinfheistiú i stáisiúin bus chun saoráidí ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí.

Léirítear an infheistiú sa líon leanúnach ard custaiméirí i 2004, agus ráta sástachta an-ard custaiméirí, le custaiméirí Bhus Éireann ag tuairisciú ráta sástachtacht 91% tar éis iniúchadh neamhspleách ar na tiomantais a thug Bus Éireann ina Chairt Paisinéirí.

An Taobh Istigh de Stáisiún Bus Shligigh atá nua-athchóirithe.

Bhí go leor forbairtí agus infheistíochtaí nua custaiméir-fócasaithe ann i 2004.

- **Feabhsúcháin Flít:** Chuaigh 38 cóiste ard-shonraíochta nua comaitéara i mbun seirbhíse ar bhealaí comaitéara i nGaillimh, Luimneach agus Corcaigh chomh maith le 14 bus dhá stóir do bhealaí ardmhinicíochta i limistéar cúlchríche Bhaile Átha Cliath. Soláthraíodh 65 cóiste athsholáthair do sheirbhísí achar fada lena n-áirítear 8 do sheirbhísí Eurolines go Breatain ó Baile Átha Cliath agus Port Láirge.
- **Feabhsúcháin seirbhísí achar fada:** Tugadh isteach feabhsúcháin seirbhíse ag ionaid ar nós Port Láirge, Baile Átha Cliath, Europort Ros Láir, Dún na nGall, Aerfort Chnoc Mhuire agus Corcaigh.
- **Seirbhísí comaitéara breise:** Soláthraíodh seirbhísí breise in ionaid ar nós an Muileann gCearr, Baile Átha Cliath, Baile Mhistéala, Port Láirge, Trá Mhór, Sligeach, Béal an Átha, Cill Airne, Neidín agus Corcaigh.
- **Nuachóiriú €4m ar Stáisiún Bus Chorcaí:** Rinneadh athchóiriú iomlán ar Stáisiún Bus Phlás Parnell chun saoráidí paisinéirí den scoth a sholáthar do chustaiméirí.
- **Athfhorbairt Bhusáras:** Cuireadh tús leis an obair ar an mórthionscadal caipitil seo i 2004. Tá an fhorbairt ceaptha a chríochnú i 2005.
- **Feabhsú ar Inrochtaine:** Caitheadh €4.9 milliún ar athchóiriú ar Stáisiúin Bus Shligigh, Bhéal an Átha, Leitir Ceanann, Ghaillimh, Chorcaí, Mhuineacháin, Thrá Lí agus Bhusáras chun feabhas a chur ar rochtain do chustaiméirí faoi lagú gluaiseachta, agus chun feabhas a chur ar shaoráidí stáisiúin agus an t-atmaisféar do chách. Cuireadh cúrsaí oiliúna feasachta míchumais ar fáil freisin don fhoireann agus do thiománaithe.

Achoimre ar Athbhreithniú Oibríochtaí

- **Infheistíocht in ard-thiomáint agus oiliúint shábháilteachta:** Leanadh de chúrsaí do thiománaithe in ard-mhótaracht agus i dtiomáint chosantach le toradh le feiceáil hinfheistiú in oiliúint den sórt sin i 2004 trí laghdú 9% ar rátaí timpiste feithiclí agus custaiméirí.
- **An chéad 'Park & Ride' seolta:** Bunaíodh an chéad Park & Ride de chuid Bhus Éireann riamh i gCorcaigh – ag nascadh Park & Ride na Fuinseoige Duibhe ar Bhóthar Chionn tSáile leis an gcathair.
- **Bearta Tosaíochta Bus:** Tugadh isteach bearta tosaíochta bus ar dhá phríomhbhealach i gCorcaigh chun amanna aistir a ghiorrú do chustaiméirí.
- **Seirbhísí nua iompair scoile:** Tugadh 101 seirbhís nua isteach i rith 2004. Cuireadh feabhas ar rochtain ar an scoil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu trí 25 feithicil iompair scoile lánrochtaine breise a sholáthar a tháinig i mbun oibríochta i 2004. Tháinig busanna nua in áit 128 bus scoile sa phríomhfhlít busanna scoile.

I 2004, lean Bus Éireann de bheith ag tógáil, ag nuachan agus ag feabhsú a ghréasáin lánpháirtithe seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí agus tá sin déanta ag rátaí ísle fóirdheontais agus ar leibhéil ísle táillí de réir chaighdeáin na hEorpa.

Cumhdach Nua ag Stáisiún Bus Chathair Chorcaí

Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

Stiúrthóirí amhail an 21 Márta 2005

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach
K. Byrne, Uasal
An tUasal G. Charles
An tUasal P. Cullen
An tUasal J. Hegarty
T. Honan, Uasal
An tUasal R. Langford
A.M. Mannix, Uasal

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

An tUasal M. Nolan,
Cloch Leathan,
Baile Átha Cliath 7.

Teileafón: 00 353 1 703 3447
Faics: 00 353 1 886 0525
Láithreán Gréasáin: www.buseireann.ie

Uimhir Chláraithe: 119570

Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Plás Wilton,
Baile Átha Cliath 2.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Don Bhliain dar Chríoch an 31ú Nollaig, 2004

Cuireann na stiúrthóirí a tuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí in Éirinn 1963 go dtí 2003 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí gaolmhara, atá mar chuid den chuntas agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Príomhghníomhaíochtaí

Is cuideachta bhainistithe iompair é Bus Éireann, arb iad a príomhghníomhaíochtaí ná bainistiú agus pleanáil a dhéanamh ar chóras lánpháirtithe seirbhísí, ag baint úsáide as a cuid acmhainní féin agus as acmhainní fochonraitheora. Clúdaíonn an gréasán lánpháirtithe seirbhísí cóistí achar fada, agus seirbhísí busanna áitiúla, tuaithe, coimitéara, cathracha cúige agus bailte móra. Tá an chuideachta freagrach fresisin as bainistiú agus soláthar na scéime náisiúnta iompair scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig, 2004 leagtha amach go mion ar leathanaigh 11 go dtí 23. Léiríonn na torthaí don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig, 2004 barrachas de €5,776,000 (2003 – Barrachas €1,547,000).

Rannpháirtíocht na Bhfostaithe

De réir fhorálacha na Scéime chun Comhpháirtíocht Fiontraíochta a Bhunú, bhí toghcháin ann ag deireadh 2003 chun na poist d'ionadaithe na bhfostaithe a líonadh ar an naoi gcomhairle áitiúla. Le hainmniúchán ionadaithe na Cuideachta críochnaíodh comhdhéanamh na gcomhairlí. Socraíodh cruinnithe de na comhairlí ar fad ansin do thús 2004. Bhí cruinniú ag na comhairlí áitiúla ar fad faoi dhó sa bhliain ar a laghad.

Bhí cruinniú ag an mBarrGhrúpa faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Bainistíochta agus atá comhdhéanta de na cinn feidhme, oifigigh lánaimseartha náisiúnta ceardchumainn, stiúrthóirí na n-oibrithe agus ionadaithe ó gach ceann de na comhairlí áitiúla faoi dhó sa bhliain de réir mar a fhoráiltear sa scéim.

Chomh maith leis sin, bhí cruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Bainistíochta agus atá comhdhéanta de na cinn feidhme agus oifigigh náisiúnta ceardchumainn, uair amháin i rith na bliana. Is í an fheidhm atá ag an nGrúpa Stiúrtha ná athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na Scéime.

Ó tugadh isteach é, tá cruthaithe ag an Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta gur bealach úsáideach í do chumarsáid agus roinnt faisnéise, go háirithe chomh fada agus a bhaineann le gur féidir saincheisteanna a ardaítear ag cruinnithe comhairle áitiúil a bhreithniú ag leibhéal an BharrGhrúpa agus ag leibhéal an Ghrúpa Stiúrtha.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta chun folláine a fhostaithe a chinntiú trí áit oibre shábháilte a chothabháil agus trí déanamh de réir na reachtaíochta fostaíochta iomchuí, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

Bunaíodh grúpa comhairleach sábháilteachta Bhus Éireann ag leibhéal fo-bhoird i 2004 agus bhí cruinniú ag an ngrúpa roinnt uaireanta i rith na bliana. Déanann an grúpa seo monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta i gcomparáid leis an bplean sábháilteachta bliantúil agus spreagann sé an rannpháirtíocht is leithne i bhfeasacht sábháilteachta agus i gcosc timpistí sa chuideachta.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Comhionannas agus Éagsúlacht

Chuir an tOifigeach Comhionannais agus Éagsúlachta tús lena ról an 1ú Márta, 2004. Bhí an fócas tosaigh ar bhulaíocht, ar chiapadh agus ar ghnéaschiapadh. Tá oiliúint do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí, do dhaoine teagmhála ainmnithe agus d'imscrúdaitheoirí inmheánacha i réimse na bulaíochta, ciaptha agus gnéaschiaptha tugtha chun críche. Tá beartas nua á fhorbairt agus seolfar é i 2005.

Bhí roinnt ceardlann ag an Oifigeach Comhionannais agus Éagsúlachta i suímh éagsúla ar fud na tíre. Chuir na ceardlanna sin leis an bpróifíl comhionannais agus éagsúlachta a ardú agus d'éascaigh comhráite le fostaithe ar thopaicí fadréimseacha ó chomhionannas go dtí cothromas saoil agus oibre.

Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag Bus Éireann, Cloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Stiúrthóirí

Ceapann Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá na stiúthóirí don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig, 2004 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach

K. Byrne, Uasal

An tUasal G. Charles (Athcheaptha an 29ú Aibreán, 2004)

An tUasal P. Cullen

An tUasal J. Hegarty (Athcheaptha an 29ú Márta, 2004)

T. Honan, Uasal (Athcheaptha an 9ú Feabhra, 2004 agus an 9ú Feabhra, 2005)

An tUasal R. Langford (Athcheaptha an 29ú Aibreán, 2004)

An tUasal W. Lilley (Athcheaptha an 9ú Feabhra, 2004 agus d'éirigh as mar stiúrthóir an 30ú Meitheamh, 2004)

A. M. Mannix, Uasal

Ní raibh aon leas in aon scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí nó ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Cód Cleachtais Do Rialáil Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí de na beartais agus na nósanna imeachta arna bhfeidhmiú ag an gcuideachta tar éis foilsiú an Chóid Chleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit ar fáil i gcuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird
An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach
An tUasal R. Langford, Stiúrthóir
An 21ú Márta, 2005.

Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thabharfaidh léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus an barrachas nó easnamh don bhliain sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann le fios le cruineas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2003 de chuid na hÉireann. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tuarascáil na nIniúchóirí

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bus Éireann - Irish Bus

Tá iniúchadh déanta againn ag na ráitis airgeadais ar leathanaigh 11 go dtí 23.

Freagrachtaí faoi Seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí na hÉireann lena mbaineann agus na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 8 i ráiteas de fhreagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é ár bhfreagracht ná inúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta is infheidhme in Éirinn. Tá an tuarascáil seo, lena n-airítear an tuairim, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsan amháin, mar chomhlacht de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2001. Luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid duit freisin ár dtuairim maidir le:

- cibé an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- cibé an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéádfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin duitse, más rud é, inár tuairim, nach nochtaítear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí.

Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gcaighdeán iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca na cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtaítear go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuarascáil na nIniúchóirí

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig, 2004 agus ar a bharrachas agus sreabhadh airgid don bhliain dar chríoch amhlaidh agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 6 go dtí 7 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 14, níos mó ná leath méid a scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh aon staid airgeadais ann ag an 31ú Nollaig, 2004, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, a d'éileodh go dtionólfaí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

21ú Márta, 2005

(a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní bhaineann breithniú ar na nithe sin leis an obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar dtús ar an láithreán gréasáin iad.

(b) D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

(A) Bunús cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

(B) Sócmhainní inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag na costais stairiúla lúide dímheas carnaithe bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

(i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar costais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, a dhímheas thar a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhonn céatadáin ag laghdú ach a léiríonn úsáid na feithicle trína fad saoil. Déantar costais stairiúla na mbusanna scoile a dhímheas i dtráthchodanna comhionanna bliantúla i rith a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(ii) Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(C) Sócmhainní léasaithe

Léasanna oibríochta

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas bhrabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

(D) Stoic

Déantar Stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh, agus foráiltear do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

(E) Deontais

(i) Deontas Stáit

Déileáiltear le deontais stáit a fuarthas i rith na bliana i ndáil le hoibleagáidí seirbhíse poiblí sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(ii) Deontais ón Státchiste

Déantar deontais ón státchiste a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna de réir mar a dhéantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

(F) Airgeadra coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go Euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais malartaithe réadaithe a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

(G) Pinsin

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é i rith tréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaithint ag luacháilacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasacha seirbhíse atá fanta chomhaltaí na scéime.

Foráiltear do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus cuirtear chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais

Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig	**Nótaí**	**2004**	2003
		€000	€000
Ioncam		**226,537**	218,685
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	1	**(108,897)**	(102,470)
Ábhair agus seirbhísí	2	**(126,713)**	(123,928)
Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	3	**(9,843)**	(14,070)
Iomlán na gcostas oibríochta		**(245,453)**	(240,468)
Easnamh roimh ús agus deontas Stáit		**(18,916)**	(21,783)
Ús infhaighte		**693**	474
Easnamh roimh dheontas Stáit		**(18,223)**	(21,309)
Deontas Stáit	20	**23,999**	22,856
Barrachas don bhliain tar éis deontas Stáit		**5,776**	1,547
Easnamh carntha ag tús na bliana		**(10,625)**	(12,172)
Easnamh carntha ag deireadh na bliana		**(4,849)**	(10,625)

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.
Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird
An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach
An tUasal R. Langford, Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

Amhail an 31ú Nollaig	**Nótaí**	**2004**	2003
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	4	**81,059**	73,812
Sócmhainní reatha			
Stoic	5	**4,410**	4,110
Féichiúnaithe	6	**43,780**	37,422
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh		**159**	1,581
		48,349	43,113
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	7	**(37,330)**	(35,293)
Glansócmhainní reatha		**11,019**	7,820
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		**92,078**	81,632
Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear	8	**(38,518)**	(31,483)
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis bliana amháin)	7(b)	**(1,000)**	(1,500)
Ioncam iarchurtha	9	**(21,253)**	(23,118)
		31,307	25,531
Arna mhaoiniú ag:			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	10	**29,204**	29,204
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	11	**6,952**	6,952
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		**(4,849)**	(10,625)
Cistí scairshealbhóirí	12	**31,307**	25,531

Thar ceann an bhoird

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach

An tUasal R. Langford, Stiúrthóir

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig	**Nótaí**	**2004**	2003
		€000	€000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	13(b)	**21,941**	25,099
Toradh ar infheistíocht agus fónamh airgeadais			
Ús infhaighte		**693**	474
		22,634	25,573
Caiteachas caipitil			
Breiseanna ar shócmhainní inláimhsithe	4	**(21,257)**	(16,035)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		**17**	97
Deontais chaipitil a fuarthas		**2,984**	8,646
		(18,256)	(7,292)
Insreabhadh roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú		**4,378**	18,281
Bainistiú acmhainní leachtacha			
Gluaiseacht i méideanna atá dlite de chuideachta shealbhaíochta	13(b)	**(5,815)**	(17,507)
(Laghdú)/méadú in airgead tirim	13(b)	**(1,437)**	774

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

Réiteach an ghlanshreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí		
(Laghdú)/méadú in airgead sa bhliain	**(1,437)**	774
Airgead ó athrú in acmhainní leachtacha	**5,815**	17,507
Gluaiseacht i nglanchistí	**4,378**	18,281
Glanchistí amhail an 1ú Eanáir	**24,744**	6,463
Glanchistí amhail an 31ú Nollaig	**29,122**	24,744

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1 PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

	2004	2003
	€000	€000
Costais Foirne		
Pá agus tuarastal	**96,113**	90,070
Costais leasa shóisialaigh	**7,725**	7,356
Costais phinsin eile	**5,013**	3,705
	108,851	101,131
Costais an Chláir Athraithe	**-**	1,239
Obair innealtóireachta do ghrúpchuideachtaí	**(174)**	(197)
Glanchostais foirne	**108,677**	102,173
Luach Saothair na Stiúrthóirí		
Díolaíochtaí		
- do sheirbhísí mar stiúrthóirí	**45**	28
- do sheirbhísí eile	**175**	269
Iomlán Luach Saothair agus Díolaíochtaí na stiúrthóirí	**220**	297
Párolla agus costais ghaolmhara	**108,897**	102,470

Seo a leanas an meánlíon fostaithe i rith na bliana:

	Líon Foirne	
	2004	2003
Lánaimseartha	**2,189**	2,175
Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha	**547**	546
Iomlán	**2,736**	2,721

2 ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

	2004	2003
	€000	€000
Breoslaí agus bealadh	**8,075**	9,376
Conraitheoirí eile	**71,115**	69,170
Cáin Bhóthair agus ceadúnais	**299**	266
Oibriú críosanna léasa ar fheithiclí	**2,128**	2,965
Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra	**12,500**	10,591
Rátaí	**713**	532
Luach saothair inniúchóirí	**37**	37
Ábhair agus seirbhísí eile	**31,846**	30,991
	126,713	123,928

3 DÍMHEAS AGUS CAILLTEANAS AR DHIÚSCAIRT SÓMHAINNÍ INLÁIMHSITHE SEASTA

Dímheas na sócmhainní inláimhsithe seasta *(nóta 4)*	**13,780**	17,078
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe seasta	**212**	247
Amúchadh Deontais *(nóta 9)*	**(4,149)**	(3,255)
	9,843	14,070

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

4 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000	Gléasra agus Innealra €000	Iomlán €000
Costas			
Amhail an 1ú Eanáir, 2004	**183,354**	**11,106**	**194,460**
Breiseanna	**17,498**	**3,759**	**21,257**
Diúscairtí	**(13,210)**	**(5,867)**	**(19,077)**
Amhail an 31ú Nollaig, 2004	**187,642**	**8,998**	**196,640**
Dímheas			
Dímheas	**111,806**	**8,842**	**120,648**
Muirear don bhliain	**12,595**	**1,185**	**13,780**
Diúscairtí	**(12,985)**	**(5,862)**	**(18,847)**
Amhail an 31ú Nollaig, 2004	**111,416**	**4,165**	**115,581**
Glanmhéideanna leabhair			
Amhail an 31ú Nollaig, 2004	**76,226**	**4,833**	**81,059**
Amhail an 31ú Nollaig, 2003	71,548	2,264	73,812

(a) (a) Seo a leanas an fad saoil ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

	Saol (Blianta)
Feithiclí paisinéirí bóthair	8 - 14
Gléasra agus Innealra	5 - 10

(b) Rinneadh lándímheas ar fheithiclí paisinéirí bóthair ag costas de €900,411 (2003 - €1,689,440) ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear ar na sócmhainní inláimhsithe seasta amhail an 31ú Nollaig, 2004 náid (2003 - €42,314) i leith sóchmhainní inláimhsithe seasta nach bhfuil i mbun seirbhíse fós.

5 STOIC

	2004 €000	2003 €000
Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála	**3,225**	3,066
Breosla, bealadh agus stoic éagsúla	**1,185**	1,044
	4,410	4,110

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar cheanglais oibríochta fadtréimhseacha.
Níl luach athsholáthair na stoc difriúil go hábhartha óna luach de réir na leabhar.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

		2004	2003
		€000	€000
6	FÉICHIÚNAITHE		
	Féichiúnaithe trádála	**2,319**	1,909
	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	**5,200**	6,071
	Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta *(nóta 13(B))*	**30,978**	25,163
	Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe	**5,283**	4,279
		43,780	37,422
7	CREIDIÚNAITHE		
	(A) Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin		
	Rótharraingt bainc	**515**	–
	Creidiúnaithe trádála	**11,000**	10,925
	Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT	**1,253**	1,030
	Árachas sóisialach pá-choibhneasa	**1,112**	857
	Cáin bhreisluacha agus cánacha eile	**43**	345
	Creidiúnaithe eile	**1,740**	1,450
	Fabhruithe	**8,317**	8,096
	Foráil do chlár an athraithe *(nóta 8)*	**–**	440
	Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 8)*	**8,000**	7,500
	Ioncam iarchurtha *(nóta 9)*	**4,850**	4,150
	Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta	**500**	500
		37,330	35,293
	Creidiúnaithe do chánachachas agus leas sóisialach san áireamh thuas	**2,408**	2,232
	(B) Méideanna dlite tar éis bliana amháin		
	Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta	**1,000**	1,500

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

8 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

	Foráil Athstruchtúraithe €000	Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí & Fostóra €000	Iomlán €000
Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir	440	38,983	39,423
Úsáid i rith na bliana	(440)	(4,965)	(5,405)
Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais	-	12,500	12,500
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31ú Nollaig 2004	-	46,518	46,518
Cionnroinnte:			
Dliteanas reatha *(nóta 7)*	-	8,000	8,000
Méideanna dlite tar éis bliana amháin	-	38,518	38,518
	-	46,518	46,518

Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra

Cuirtear aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachachas seachtrach chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais, agus cuirtear aon mhéideanna nach bhfuil socraithe san áireamh sna forálacha do dhliteanais agus muirir.

(A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas tríú páirtí os cionn €1,680,000 do bhusanna scoile agus €2,000,000 d'iompar bóthair eile ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur os cionn US$3,3000,000 é.

(ii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe ag eascairt as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin:

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó tuilte, áit gur os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é, agus

(b) aon damáiste eile ó thuile áit gur os cionn €250,000 é.

(iii) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005, faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa iomláin de €27,000,000.

(iv) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán Árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005 do Dhliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile ráille agus bóthair.

(v) Priacail Dóiteáin agus Speisialta, lena n-áirítear damáiste stoirme, do mhaoin an Ghrúpa sa bhreis ar €1,000,000 agus slánaíocht de €200,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas.

(vi) Is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farrasbarr de €500,000 i ndáil le rothstoc ráille agus bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine, do gach uile cheann de na caillteanais.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

8 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

(B) Foráil d'Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara

Foráiltear ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar i socrú éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aici maidir lena thaispeáint éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthar éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na n-éileamh neamhíoctha a ríomh, baineann an chuideachta úsáid as teicnící meastacháin, a bhíonn bunaithe go ginearálta ar anailís staitisiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh costas na n-éileamh neamhshocraithe a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin, mar shampla, athruithe i bpróisis na cuideachta a d'fhéadfadh luathú nó moilliú a dhéanamh ar fhorbairt agus/nó taifeadadh na n-éileamh íoctha nó tabhaithe, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeacht bhoilscithe, athruithe i meascán gnó agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthoisc an éilimh faoi mar a tuairiscíodh, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar an gcostas a bhain le héilimh le tréithe comhchosúla a shocrú i dtréimhsí roimhe sin.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná meastachán an chostais a bhaineann le héilimh a shocrú a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch tuairiscithe níos faide ag roinnt leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain ath-árachaithe i gcás gur féidir na gnóthachain sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn ath-árachú ar ghnóthachan i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí in athrith.

9 IONCAM IARCHURTHA

Tá an cuntas seo comhdhéanta de dheontais neamh-inaisíoctha ón Státchiste a chuirfear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéantar dímheas ar na sócmhainní gaolmhara seasta (beartas cuntasaíochta E).

	2004	2003
	€000	€000
Deontais Chaipiti		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	**27,268**	21,877
Faighte agus infhaighte	**2,984**	8,646
Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais	**(4,149)**	(3,255)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh	**26,103**	27,268
Lúide aistriú chuig dliteanais reatha *(nóta 7)*	**(4,850)**	(4,150)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**21,253**	23,118

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

		2004 €000	2003 €000
10	SCAIRCHAIPITEAL		
	Údaraithe		
	Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann	**40,632**	40,632
	Leithroinnte, glaoite agus láníoctha		
	Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann	**29,204**	29,204
11	CÚLCHISTE ATHSHOLÁTHAR SÓCMHAINNÍ		
	Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig	**6,952**	6,952
12	RÉITEACH GLUAISEACHTA I GCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ		
	Barrachas don bhliain	**5,776**	1,547
	Cistí tosaigh sealbhóirí gnáthscaireanna	**25,531**	23,984
	Cistí deiridh sealbhóirí gnáthscaireanna	**31,307**	25,531
13	RAITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID		
	(A) Réiteach Easnamh Oibríochta i leith an Ghlan-Insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta		
	Easnamh oibríochta roimh dheontas Stáit	**(18,916)**	(21,783)
	Fáltais oibleagáide seirbhíse poiblí	**23,999**	22,856
		5,083	1,073
	Dímheas agus brabús ar shochair inláimhsithe seasta a dhiúscairt	**13,992**	17,325
	Deontais chaipitil amúchta	**(4,149)**	(3,255)
	Méadú i stoic	**(300)**	(108)
	(Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe	**(543)**	5,458
	Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe	**324**	(10)
	Méadú i bhforálacha do dhliteanais agus muirir	**7,534**	4,616
	Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtí oibríochta	**21,941**	25,099

(B) Anailís ar Athrú i nGlanchistí	**An 1ú Ean. 2004 €000**	**Sreabhadh Airgid €000**	**An 31ú Nol. 2004 €000**
Rótharraingt bainc	-	**(515)**	**(515)**
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh	**1,581**	**(1,422)**	**159**
Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta	**(2,000)**	**500**	**(1,500)**
Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta	**25,163**	**5,815**	**30,978**
	24,744	**4,378**	**29,122**

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

14 OIBLEAGÁIDÍ LÉASA OIBRÍOCHTA

	2004	2003
	€000	€000
Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas:		
Laistigh de bhliain amháin	**-**	522
Idir bliain amháin agus cúig bliana	**212**	272
	212	794

15 PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe na cuideachta rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsin sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIE. Infheistítear ranníocaí ón gcuideachta agus ó na fostaithe i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an ngrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgthe.

Cé gur scéimeanna sochair an sainmhíniú a thugtar ar na scéimeanna níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na scéimeanna a shainaithint. Léirigh staid achtúrach na scéimeanna amhail an 31ú Nollaig, 2003 ag baint úsáide as boinn a éilítear le FRS 17 easnamh de €287m. Tá na mionsonraí a éilíonn FRS 17 i ndáil leis na scéimeanna i gcuntais CIÉ.

	2004	2003
	€000	€000

16 TIOMANTAIS CHAIPITIL

Ar chonradh do	**12,198**	6,780
Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do	**1,430**	1,700
	13,628	8,480

17 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

18 GLANBHARRACHAS/GLANEASNAMH DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

	Seirbhísí Poiblí				
2004	**Iopar Scoile & Tráchtála €000**	**Cathair €000**	**Iompar Céimnitheach €000**	**Fo-Iomlán €000**	**Iomlán €000**
Ioncam	**163,149**	**22,709**	**40,679**	**63,388**	**226,537**
Costais	**154,354**	**33,189**	**57,217**	**90,406**	**244,760**
Barrachas/(easnamh) roimh dheontas Stáit	**8,795**	**(10,480)**	**(16,538)**	**(27,018)**	**(18,223)**
Deontas Stáit				**23,999**	**23,999**
Barrachas/(easnamh) don bhliain	**8,795**			**(3,019)**	**5,776**
2003					
Barrachas/(easnamh)	7,693			(6,146)	1,547

Oibríonn an chuideachta gníomhaíochtaí seirbhíse tráchtála, iompair scoile agus poiblí. Is í an phríomh-ghníomhaíocht a oibrítear ar bhonn tráchtála ná an Luasbhealach. Oibrítear an Scéim Iompair Scoile faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bhonn aisghabhála costais. Is iad na príomhghníom-haíochtaí eile ná Iompar Céimnitheach agus Seirbhísí Cathrach, dá bhfaigheann an chuideachta deontais Stáit i leith na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin. Leithroinntear na costais do na Seirbhísí Luasbhealaigh, Iompar Céimnitheach agus Cathrach ar bhonn na méadar díortha ó chostais iarbhír na tréimhse roimhe sin, staidéar neamhspleách ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste.

19 PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (nochtadh páirtithe gaolmhara) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

20 DEONTAIS STÁIT

Is €23,999,000 a bhí sa deontas stáit ab iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta sehalbhaíochta, Córas Iompair Éireann, i ndáil le hoibleagáidí seirbhíse poiblí don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig 2004 (2003- €22,856,000).

21 COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Éireann-Irish Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

22 CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 21ú Márta, 2005.

Athbhreithniú Oibríochtaí

Fócas ar Chustaiméirí

Líon na gcustaiméirí

Lean líon custaiméirí Bhus Éireann ag fás le cúig bliana anuas agus ag rátaí a bhí go suntasach níos airde ná in áiteanna eile san Eoraip. Is gné mhór é an gréasán lánpháirtithe náisiúnta de sheirbhísí achar fada, comaitéara, cathrach agus tuaithe den fhás leanúnach sin, agus seachadann sé rogha leathan seirbhísí chuig raon thar na bearta de chinn scríbe faoin tuath in Éirinn.

Taispeánann na staitsiticí gur in Éirinn atá an ráta is airde den daonra faoin tuath san Aontas Eorpach agus in ainneoin an mhíbhuntáiste sin gur inti atá an an dara leibéal is airde de chiliméadair custaiméirí ar bhusanna. Tá gréasáin lánpháirtithe busanna dá bhrí sin rí-thábhachtach in Éirinn mar gheall ar ár ndaonra scaipthe.

Ó 2000 i leith, tá an líon custaimeirí ar bhealaí achar fada agus comaitéara méadaithe 25%. Ar sheirbhísí cathrach Bhus Éireann, mar thoradh ar mhinicíochtaí níos airde a bheith á dtairiscint agus uasghradú leanúnach na flít, tá méadú de 10% tagtha ar an líon custaiméirí a iompraíodh le cúig bliana anuas.

An Taobh Istigh de Stáisiún Bus Chathair Chorcaí, Plás Parnell atá nuachóirithe.

Taispeántar achoimre d'aistreacha custaiméirí agus ciliméadair feithicle arna n-oibriú ag an gcuideachta ar sheirbhísí sceidealta thíos.

Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig	**2004**	2000
	Mílte	Mílte
Turais Custaiméirí		
Seirbhísí cathracha cúige	**21,070**	19,156
Seirbhísí sceidealta eile	**26,693**	21,364
An Scéim Iompair Scoile	**42,402**	43,797
	90,165	84,317
Cileaméadair Feithicle		
Seirbhísí cathracha cúige	**8,027**	7,197
Seirbhísí eile – féin	**77,551**	66,363
Seirbhísí eile – ar fhochonradh	**58,875**	47,343
	144,453	120,903



Tá an laghdú i gcustaiméirí faoin Scéim Iompair Scoile sa bhliain ag teacht leis an laghdú leanúnach sa daonra a bhíonn ag freastal ar scoileanna náisiúnta.

Soláthraíonn gréasán seirbhísí Bhus Éireann córas iompair sábháilte, éifeachtach agus ar luach ar airgead don phobal ar chostas atá réasúnta beag don Státchiste.

Athbhreithniú Oibríochtaí

Sástacht Custaiméirí

Rinneadh an cúigiú iniúchadh neamhspleách ar thiomantais a tugadh sa Chairt Chustaiméirí i rith na bliana. Bhí ráta sástachta foriomlán na gcustaiméirí ag leibhéal fíor-ard de 91%.

Feabhsúcháin Seirbhísí

Tugadh isteach feabhsúcháin seirbhíse achar fada ag ionaid ar nós Post Láirge, Baile Átha Cliath, Europort Ros Láir, Dún na nGall, Aerphort Chnoc Mhuire agus Corcaigh.

Cuireadh seirbhísí comaitéara breise ar fáil in ionaid ar nós an Muileann gCearr, Baile Átha Cliath, Baile Mhistéala, Port Láirge, Trá Mhór, Sligeach, Béal an Átha, Cill Airne, Neidín agus Corcaigh.

Seirbhís Aistear Fada le I.T. na Gaillimhe-Maigh Eo sa chúlra.

Park & Ride

Mar thionscnamh suntasach comaitéara, chuir Bus Éireann tús leis an gcéad sheirbhís bhuan 'Park & Ride' sa tír i gCorcaigh. Ag nascadh Bóthar Chionn tSáile le lár na cathrach, oibrítear an tseirbhís tiomanta bus seo faoi chonradh le Comhairle Cathrach Chorcaí.

Bearta tosaíochta bus – 'Bealaí Glasa'

Rinneadh go leor dul chun cinn i bhforbairt bhearta tosaíochtaí bus i 2004. Ba é Corcaigh an pointe fócasach i 2004 freisin do thionscnamh 'Bealaí Glasa' a dearadh chun feabhas a chur ar rochtain iompair idir an chathair agus na bruachbhailte. Is comhthionscnamh é seo idir Comhairle Cathrach Chorcaí agus Bus Éireann chun bearta tosaíochtaí bus a thabhairt isteach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Ba chóir gurb é an toradh a bheadh ar na 'Bealaí Glasa' a thabhairt isteach ó Lár na Cathrach go dtí Baile an Easpaig agus an Ghráinsigh ná go mbeadh feabhsa ar choinneáil ama agus ar iontaofacht. Tugadh isteach tionscnamh comhchosúil ar an mbealach ó Chathair na Gaillimhe go dtí an Rinn Mhór, agus is é an toradh a bhí air go raibh sábháilt shuntasach in am aistir.

Fuair tabhairt isteach tosaíocht bus i gcathracha Chorcaí agus na Gillimhe go leor tacaíochta ón Roinn Iompair, a mhaoinigh na tionscadail sin. Is tionscnaimh iad a bhfuil géarghá leo agus tá an-fháilte rompu agus tá an chuideachta ag súil le dul chun cinn breise sna réimsí sin.

www.buseireann.ie

Thug líon buaice daoine cuairt ar láithreán gréasáin na cuideachta sa bhliain le suas agus 10 milliún amas ann in aghaidh na míosa. Leanadh d'fhorbairt díolacháin ticéad ar an idirlíon.

Inrochtaine

Rinneadh obair athchóirithe ar roinnt stáisiúin bus chun rochtain a fheabhsú do chustaiméirí a bhfuil lagú gluaiseachta ag gabháil dóibh le maoiniú ón bPlean Forbartha Náisiúnta. Is iad na stáisiúin a bhain buntáiste as na tionscadail feabhsúcháin inrochtaine ná Baile Átha Cliath (Busáras), Béal an Átha, Leitir Ceanainn agus Corcaigh.

Obair athchóirithe ar cheann dár stáisiúin bus.

Athbhreithniú Oibríochtaí

Is €4.9 milliún an méid iomlán a caitheadh ar thionscadail inrochtaine, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna i bhfeasacht mhíchumais a chur ar fáil don fhoireann. Tá sé beartaithe tús a chur ar thuilleadh oibre athchóirithe i dTrá Lí, i gCabhán, in Inis, i Ros Láir, i nGaillimh agus i Luimneach i rith 2005.

Spriocanna an Rialtais bainte amach le farrasbarr

Chomhaontaigh Bus Éireann agus an Roinn Iompair Meamram Tuisceana ar Leibhéil agus Spriocanna Seirbhíse do 2004. Bhain an chuideachama amach gach ceann de na spriocanna feidhmíochta atá leagtha amach sa Mheamram, agus sháraigh iad. Chomh maith leis sin, rinne an chuideachta forlíonadh ar mhaoiniú rialtais do sheirbhísí poiblí le €3 milliún dá cuid cistí féin a fuarthas ar ghníomhaíochtaí tráchtála eile.



Iompar Scoile – 101 seirbhís nua

D'oibrigh Bus Éireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dlúth le chéile chun costas iomlán na Scéime Iompair Scoile a choinneáil chomh híseal agus a d'fhéadfaí. Tugadh bearta costas-éifeachtacha eile isteach le béim ar éifeachtacht na ngréasán agus soláthar sábháilte na seirbhísí. Chabhraigh scoilbhliain chaighdéanaithe a thabhairt isteach chun seirbhísí a chomhordú, agus bhí coigealtas tadhlach mar thoradh air sin.

Tugadh isteach 101 seirbhís nua iompair scoile i rith 2004, sa réimse iompair do leanaí le riachtanais speisialta den chuid

Libhré Feithicle nua

is mó. Feabhsaíonn soláthar sainseirbhísí iompair an rochtain ar oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta, agus comhlánaíonn sé beartas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta sa réimse sin. Leanann ardchaighdeána gus raon na seirbhísí iompair scoile atá á soláthar anois ag Bus Éireann de bheith ag feabhsú. Mar shampla, tá 187 feithicil inrochtaine anois ag cur seirbhísí iompair scoile ar fáil faoin Scéim Iompair Scoile, do leanaí ina gcathaoireacha rothaí, 25 níos mó ná a bhí i 2003.

Cuireadh iompar ar fáil do beagnach 140,000 leanbh faoi dhó sa ló ar fhlít iompair scoile tiomanta Bhus Éireann agus ar fhlít ar chonradh de thart ar 3,000 feithicil agus ar sheirbhísí sceidealta bus agus ráille áitiúil agus náisiúnta faoi úinéireacht phoiblí agus faoi cheadúnas príobháideach.

Tá 68 bus scoile athsholáthair foinsithe le teacht in áit seanfheithiclí sa fhlít. Chomh maith leis sin, tháinig 60 bus ó fhlít seirbhíse Bhus Éireann agus mar thoradh air sin tugadh 128 bus athsholáthair isteach in 2004. Is cuid é sin de chlár leanúnach athsholáthair flít, agus is ionann é agus athsholáthar ar bheagnach 20% den fhlít seo i 2004.

Athbhreithniú Oibríochtaí

Oibríochtaí a Fheabhsú

Sábháilteacht agus bainistiú rioscaí

Tá sábháilteacht custaiméirí agus na foirne fíorthábhachtach do Bhus Éireann. Leanann an bhainistíocht de bheith ag atreisiú cultúir sábháilteachta ar fud na cuideachta. Bhí toradh le feiceáil ar an infheistíocht in ardoiliúint tiománaithe in 2004 le laghdú de 9% faoi seach ar rátaí timpiste feithiclí agus custaiméirí.

Mórfheabhsúcháin ar stáisiúin bus

Is €7.2 milliún i rith na bliana a bhí in infheistíocht i saoráidí stáisiúin agus custaiméirí, le €4.9 milliún den chaiteachas sin á chaitheamh ar fheabhas a chur ar rochtain, arna mhaoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Áiríodh ar mhórthionscadail infheistíochta caipitil:

- Athchóiriú agus nuachóiriú stáisiún bus Phlás Parnell i gCorcaigh, atá críochnaithe anois.
- Athfhorbairt Bhusáras i mBaile Átha Cliath, ata ceaptha a chríochnú i 2005.
- Obair nuachóirithe ar Stáisiún Bus Shligigh.
- Obair forbartha críochnaithe ar stáisiúin bus Bhéal an Átha agus Leitir Ceanainn.

Uasghrádú Flít

D'infheistigh an chuideachta €14.6 milliún in uasghrádú flít i rith 2004. Cuireadh 38 feithicil athsholáthair i mbun seirbhíse ar bhealaí comaitéra, lena n-áirítear 24 cóiste i gCorcaigh, Gaillimh agus Luimneach agus 14 bus dhá stóir do bhealaí ardmhinicíochta i limistéar cúlchríche Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith leis sin, soláthraíodh 65 cóiste athsholáthair do sheirbhísí achar fada:

- 39 do sheirbhísí achar fada ar mhórbhealaí idiruirbeacha ar nós Baile Átha Cliath/Gaillimh, Baile Átha Cliath/ Luimneach agus Baile Átha Cliath/Port Láirge
- 8 do sheirbhísí Eurolines go dtí an Bhreatain ó Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge
- 18 do chonradh CIE Tours International.

Radharc ón spéir ar Bhusáras, Baile Átha Cliath

Plódú trachta agus bonneagar

Tá dochar á dhéanamh ag plódú trachta don mhéid is féidir brath ar oibríochtaí Bhus Éireann, go háirithe ag buaicamanna.

Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn an chuideachta roimh an gclár feabhsúcháin bóithre, agus tugann lántacaíocht dó, atá geallta ag an Rialtas.

Tá an buaicéileamh ar sheirbhísí comaitéara busanna i Limistéar cúlchríche Bhaile Átha Cliath níos mó ná dúbailte le cúig bliana anuas. Measann an chuideachta go gcosnaíonn an traglam trachta os cionn €5 milliún in aghaidh na bliana sa réimse sin amháin. Fáiltítear roimh an leithdháileadh maoinithe chun go bhféadfadh busanna an ghualainn chrua a úsáid i gcomhthéacs thógáil ar uasghrádú flít agus feabhsúcháin ar mhinicíocht seirbhíse atá ar bun ag Bus Éireann le cúig bliana anuas.

Ba chóir go leigheasódh críochnú na chéad deich "mBealach Glas" i gcathair Chorcaí agus an chéad cheann i nGaillimh an plódú sna limistéir sin.

Athbhreithniú Oibríochtaí

Mheas staidéar eile a rinne comhchomhairleoirí neamhspleácha - BDO Simpson Xavier – i 2003 gur fhorchuir plódú tráchta costais bhreise os cionn na gcostas inchomparáide Eorpacha de €19.2 milliún. Measann an bhainistíocht go raibh na costais sin os cionn €20m i 2004. Tá gá leanúnach le réimse i bhfad níos leithne d'fheabhsúcháin bhonneagair agus de bhearta tosaíochta bus a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh na custaiméirí sochar iomlán a bhaint as an infheistíocht shubstaintiúil atá déanta ag Bus Éireann ina fhlít agus ina shaoráidí.

Tá sreabhadh tráchta in Éirinn níos measa ná mar a bhíonn go ginearálta san Eoraip, agus forchuirtear costais bhreise air, as a leanann seirbhís custaiméirí nach bhfuil chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil. Mar shampla, bhí an meánluas oibríochta a bhí ag busanna i gcathracha na hÉireann i 2003 go maith faoin meán idirnáisiúnta de 23.1 kileaméadar san uair (kph). Is iad na figiúirí comparáideacha do sheirbhísí cathrach Bhus Éireann ná: Corcaigh, 11.9 kph; Gaillimh, 13.7 kph; Luimneach, 14.4 kph; Port Láirge, 14.5 kph. Fuair na luasanna sin níos measa i 2004. Caithfear féachaint ar an deontas Stáit de €24 milliún do Bhus Éireann d'oibriú seirbhísí poiblí sa chomhthéacs sin.

€71 milliún íoctha le fochonraitheoirí

D'íoc an chuideachta os cionn €71 milliún le fochonraitheoirí i 2004. Rinne fochonraitheoirí 41% de chileaméadair na cuideachta. Déantar an caiteachas sin a infheistiú den chuid is mó i gconraitheoirí atá lonnaithe faoin tuath ag tacú leis an eacnamaíocht áitiúil sna ceantair sin.

Infheistiú i nDaoine

Oiliúint agus forbairt foirne

Lean Bus Éireann de bheith ag infheistiú go mór in oiliúint agus i bhforbairt foirne i 2004. Áiríodh ar na tionscnaimh Oifigeach Comhionannais agus Éagsúlachta a cheapadh, gradam 'An Scoth trí Dhaoine' a aimsiú do cheantar Chorcaí, ardoiliúint tiománaithe, oiliúint feasachta míchumais don fhoireann ar fad agus do thiománaithe fo-chonartha agus cúrsaí feasachta bulaíochta/ciaptha.

Is iad cuspóirí formiolána na cuideachta i bhforbairt bhainistíochta ná, a chinntiú a mhéad is féidir é, go mbíonn ar chumas na bainistíochta déileáil le dúshláin i dtimpeallacht athraitheach agus an próiseas do phleanáil comharbachta a fheabhsú.

Bus Éireann ag 'Infheistiú i nDaoine'

Ceapadh Clár um Fhorbairt Bainistíochta chun forbairt a dhéanamh ar chumais bhainistíochta straitéisí, scileanna ginearálta bainistíochta agus scileanna iomaíochta ar bhonn trasfheidhmiúil. Ghlac foireann bhainistíochta shinsearach na cuideachta páirt sa chéad shraith de mhodúil. Leanadh den chlár i rith 2004 agus ghlac an bhainistíocht láir agus an fhoireann feidhmiúcháin páirt ann.

Cuireadh tús le cúrsa i mBainistiú Custaiméirí agus Cúram Custaiméirí i 2003 agus leantar de. Bhí modúil ar chúram custaiméirí, ceisteanna míchumais, seiceáil sábháilteachta feithcle etc. mar chuid de gach cúrsa.

Tugadh isteach Córas Forbartha agus Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS) don fhoireann bhainistíochta, feidhmiúcháin agus chléireachais ar fad sa bhliain 2003. Ghlac gach duine den fhoireann páirt sa chlár oiliúna agus cuireadh an córas i bhfeidhm go hiomlán i 2004.